NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10698 – MITSUI / INDOMOBIL / PTL / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 217/05)

1. An 20 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mitsui & Co. Ltd. ("Mitsui", an tSeapáin),

— PTS Investments LLC ("PTS Investments", Stáit Aontaithe Mheiriceá), fochuideachta faoi lánúinéireacht ag Penske Truck Leasing Co., L.P ("PTL", Stáit Aontaithe Mheiriceá) faoi rialú deiridh Penske Corporation ("Penske",Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— PT CSM Corporatama ("Indorent", an Indinéis) a bhaineann le PT Indomobil Sukses Internasional, Tbk ("Indomobil", an Indinéis), agus,

— JV (an Indinéis).

Gheobhaidh Mitsui, PTS Investments agus Indorent rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— Mitsui: cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadail, atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear na hearnálacha seo a leanas: (i) táirgí iarainn agus cruach; (ii) acmhainní mianracha agus miotail; (iii) tionscadail bhonneagair; (iv) soghluaisteacht; (v) ceimiceáin bhunúsacha; (vi) ceimiceáin feidhmíochta; (vii) fuinneamh; (viii) acmhainní bia; (ix) seirbhísí tomhaltóirí; agus (x) TF agus forbairt cumarsáide/chorparáideach,

— PTS Investments: fochuideachta faoi lánúinéireacht ag PTL, a chuireann seirbhísí iompair agus seirbhísí slabhra soláthair ar fáil,

— Indorent: fochuideachta faoi lánúinéireacht ag Indomobil, monaróir gluaisteán agus gluaisrothar. Cuireann Indorent seirbhísí iompair agus seirbhísí cíosa feithicle le haghaidh custaiméirí corparáideacha ar fáil,

— JV: comhfhiontar láithreán úrnua a bhunófar agus a fheidhmeoidh sa ghnó tráchtála léasaithe feithiclí san Indinéis.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10698 – MITSUI / INDOMOBIL / PENSKE / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.